

Cairt agus Creat
Ardoideachais um
Champas Sláintiúil
d'Éirinn



AG TACÚ LE SLÁINTE
AGUS FOLLÁINE



Comhthéacs agus Bonn Fianaise

Bhí an creat seo comh-cruthaithe, trí phróiseas comhairliúcháin, ag Institiúidí Ardoideachais, an Roinn Sláinte agus FSS.



Comhthéacs Náisiúnta

Tá ról lárnach ag an oideachas i ngach gné d'fhorbairt daoine aonair, pobail, sochaithe agus cultúir.

Tá na hInstitiúidí Ardoideachais i suíomh sainiúil toisc go bhféadfaidh siad tionchar a imirt ar an tsochaí agus í a athrú trí thaighde, teagasc agus foghlaim, eolas agus tuiscint nua a fhorbairt maidir le sláinte agus folláine a chur chun cinn, ag tabhairt dea-shampla, ag tacú le cinnteoirí ar mhaithe leis an tsochaí agus tionchar a bheith acu ar chinnteoirí na tochdhaí sa tsochaí.

Trí Fhorbairt mar Champas Sláintiúil, tugtar tacaíocht d'fhís Éire Shláintiúil:¹

“Áit ar féidir le gach duine an leas is mó agus is féidir a bhaint as sláinte agus folláine coirp agus mheabhrach agus ina gcuirtear luach ar an bhfolláine agus ina dtacaítear léi ar gach leibhéal sa tsochaí agus ina bhfuil gach duine freagrach.”

Féadfaidh na heagraíochtaí agus na córais ina gcónaíonn, ina bhfoghlaimíonn agus ina n-oibríonn daoine tionchar dearfach nó diúltach a bheith acu ar shláinte agus ar fholláine. Cuireann Institiúidí Ardoideachais béim shuntasach cheana féin ar shláinte agus ar fholláine phobal an champais. Tacóidh an Creat Campais Shláintiúil seo le hInstitiúidí Ardoideachais san obair seo. Is réimse tosaíochta fócais iad Campais Ardoideachais sa Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-25.²

An Chairt Okanagan

Cad is Campas Sláintiúil ann?

Leagtar amach i gCairt Okanagan³ an fhís agus na mianta seo a leanas maidir le hOllscoileanna agus Coláistí a Chuireann Sláinte chun Cinn:

“Déanann ollscoileanna agus coláistí a chuireann an tsláinte chun cinn sláinte agus inbhuanaitheacht ár sochaithe reatha agus ár sochaithe amach anseo a athrú ó bhonn, rud a neartaíonn pobail agus a chuireann le folláine daoine, áiteanna agus an phláinéid.

In ollscoileanna agus coláistí ina gcuirtear an tsláinte chun cinn, tá an tsláinte i gcoilár na n-oibríochtaí laethúla, i gcleachtais ghnó agus i sainorduithe acadúla. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuireann ollscoileanna agus coláistí ina gcuirtear an tsláinte chun cinn le rath ár n-institiúidí; cruthaítear cultúir champais de chomhbhá, folláine, cothromas agus de cheartas sóisialta; cuirtear feabhas ar shláinte na ndaoine a chónaíonn, a fhoghlaimíonn, a oibríonn, a imríonn agus a bhfuil i ngrá inár gcampais; agus neartaítear inbhuanaitheacht éiceolaíoch, shóisialta agus eacnamaíoch dár bpobail agus don sochaí níos leithne.³”

Cé nach bhfuil mórán fianaise taighde ar Champas Sláintiúil ann féin, is féidir tarraingt ar an bhfoghlaim ó shuíomhanna oideachais eile, a thugann le tuiscint gur dóichí go n-éireoidh le cur chuige um champais leas iomlánaíoch, agus ilghnéitheach ná gníomhaíochtaí aonair agus ilroinnte. Éilíonn sé seo fócas ar cheannaireacht, straitéis agus rialachas, áiseanna agus seirbhísí campais, cumarsáid agus cultúr an champais agus ar fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil na foirne agus na mac léinn.

Cad is Campas Sláintiúil ann?

Glacann Campas Sláintiúil tuiscint iomlánaíoch ar an tsláinte, glacann sé cur chuige campais uile agus féachann sé le timpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochtúil a chruthú a fheabhsaíonn sláinte agus folláine a phobail agus a chuireann ar chumas daoine a lánacmhainneacht a bhaint amach.⁴



Aidhmeanna Creat a n- Campais Shláintiúil

1. Comhthuisct a chruthú ar Champas Sláintiúil chun gníomh a threorú agus a spreagadh in Institiúidí Ardoideachais.
2. Tacaíocht agus aitheantas a thabhairt d'obair na nInstitiúidí Ardoideachais maidir le sláinte agus folláine pobail an champais a fheabhsú.
3. Eolas a ghiniúint agus a scaipeadh chun sláinte agus folláine a chur chun cinn in Institiúidí Ardoideachais.

Prionsabail



Rannpháirtíocht

Nuair a bhíonn mic léinn, baill foirne agus pobal an champais i gcoitinne gafa go gníomhach le cinneadh a dhéanamh ar ghníomhartha um shláinte agus folláine a chur chun cinn agus na gníomhartha sin a chur chun feidhme.



Comhpháirtíocht

I gcás ina gcothaítear comhoibrithe tras-araíonachta agus comhpháirtíochtaí tras-earnála chun naisc a chruthú idir sláinte, foghlaim agus struchtúr an champais.



Bunaithe ar fhianaise

Sa chás go bhfuil foirmlíú beartas agus cleachtas á dtreorú ag fianaise, agus ina gcruthaítear eolas trí ghníomhaíocht agus trí thaighde.



Inbhuanaitheacht

Áit a bhfuil sláinte agus folláine pobal an champais fite fuaite sna beartais laethúla, sa teagasc agus san fhoghlaim, agus sa taighde agus sa nuálaíocht.

Príomhbheartais Áitiúla agus Náisiúnta

Tá Éire Shláintiúil deartha chun fíor-athrú intomhaiste a bhaint amach agus tá sé bunaithe ar thuiscint ar chinntigh na sláinte.

Bíonn tionchar ag gach gné de shaol an duine ar shláinte agus ar fholláine; stádas eacnamaíoch, oideachas, tithíocht, an timpeallacht fhisiciúil ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn daoine.

Forbraíodh roinnt beartas agus straitéisí náisiúnta chun tacú leis an bhfís Éire Shláintiúil sna príomhréimsí a bhaineann le gníomhaíocht coirp, murtall, tobac, sláinte ghnéis, meabhairshláinte agus drugaí agus alcóil. Is creat é an Campas Sláintiúil trína bhféadfaidh Institiúidí Ardoideachais aghaidh a thabhairt ar riachtanais a aithníodh go háitiúil agus ar thosaíochtaí sláinte náisiúnta trí úsáid a bhaint as cur chuige an champais uile.

Cur Chuige Campais Uile

Léirítear cur chuige campais uile i bplean gníomhaíochta um Champas Sláintiúil a fhorbraítear i gcomhthéacs na gceithre phríomhréimse seo a leanas:

- Cheannaireacht, Straitéis agus Rialachas
- Timpeallacht an Champais (Áiseanna agus Seirbhísí)
- Cultúr agus Cumarsáid an Champais
- Forbairt Pearsanta agus Ghairmiúil

Próiseas um Champas Sláintiúil

Cur chuige cuimsitheach, comhordaithe chun sláinte agus folláine a fheabhsú

1. Ghealltanais a Thabhairt

Cairt um Champas Sláintiúil

- Síníonn Ceann na hInstitiúide Ardoideachais Cairt um Champas Sláintiúil (leathanach 6).
- Déanann an fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin breithniú ar an gcaoi a ndéantar Campas Sláintiúil a chomhtháthú i rialachas, straitéis agus struchtúir.

2. Comhordaigh

Comhordaitheoir um Champas Sláintiúil a cheapadh

- Comhordaitheoir(i) um Champas Sláintiúil a cheapadh, más féidir ball sinsearach den fhoireann a oibríonn i gcomhpháirt le huachtarán chumann na mac léinn.
- Is féidir le hoifigigh tionscadail tí tacú le feidhmiú an Champais Shláintiúil.

Grúpa Stiúrtha a Bhunú

- Grúpa stiúrtha ardleibhéil a bhunú le ballraíocht leathan trasna seirbhísí agus disciplíní (m.sh. mic léinn, baill foirne, ranna, seirbhísí).

3. Dul i gcomhairle

Léarscáil den Gníomhaíocht Reatha

- Dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara chun gníomhaíocht reatha a bhaineann le sláinte ar an gcampas a shainathint agus a mhapáil.
- Sainathint aon fhaisnéis reatha a bhaineann le sláinte phobal an champais a d'fhéadfaí a úsáid mar bhunlíne le haghaidh meastóireachta sa todhchaí.
- Riachtanais sláinte a shainathint trí úsáid a bhaint as measúnú riachtanas ar fud an champais.
- Tá sé mar aidhm ag an gCreat obair reatha a bhaineann le sláinte a neartú agus a leabú.

Comhairliúchán

- Téigh i gcomhairle leis an bhfoireann, le mic léinn agus le pobal an champais i gcoitinne chun tosaíocht amháin nó dhó a shainathint.

4. Cruthaigh

Pleanáil gníomhaíochta

- Plean gníomhaíochta um Champas Sláintiúil a fhorbairt do na tosaíochtaí aitheanta thar na ceithre phríomhréimse de champas sláintiúil.
- Tá cur i bhfeidhm bunaithe ar phrionsabail an Champais Shláintiúil.
- A chinntiú go n-aontaítear próiseas meastóireachta (cad atá le meastóireacht, conas agus cé dó) sula gcuirtear chun feidhme é.

Cur chun Feidhme

- Tá cumarsáid agus múscailt feasachta riachtanachas go nglacann pobal an champais leis.
- A chinntiú go bhfuil grúpaí oibre nasctha le struchtúr/struchtúir rialachais an Champais Shláintiúil – le tuairisciú/monatóireacht rialta chun an fhoghlaim a ghabhadh.
- Nascanna a chinntiú le príomhchuspóirí eile ar an gcampas/go háitiúil, m.sh. Campas Glas, Cathracha/Contaetha Sláintiúla, srl.

5. Ceiliúradh agus Leanúint ar aghaidh

Ceiliúradh

- An obair a mheas agus an fhoghlaim agus an ghnóthachtáil a roinnt agus a cheiliúradh.
- Próiseas athbhreithnithe agus plean don chéad chéim eile den Champas Sláintiúil.



GEALLTANAS A THABHAIRT

Cairt um Champas Sláintiúil a shíniú agus tiomantas a thabhairt do phróiseas sláintiúil campais.



COMHORDAIGH

Comhordaitheoir(i) a Cheapadh.
Grúpa Stiúrtha a Bhunú.



CEILIÚRADH & LEANÚINT AR AGHAIDH

An obair a mheas agus an fhoghlaim agus an ghnóthachtáil a roinnt agus a cheiliúradh.



DUL I GCOMHAIRLE

Na riachtanais a aithint agus a chur in ord tosaíochta.



CRUTHAIGH

Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

An Chairt Ardoideachais um Champas Sláintiúil



Tá an Chairt Ardoideachais um Champas Sláintiúil d’Éirinn ailínithe go hiomlán leis na prionsabail agus na glaonna chun gnímh atá i gCairt Okanagan³, Cairt Idirnáisiúnta um Ollscoileanna agus Coláistí ina gCuirtear Sláinte chun cinn. Aithnímid ár ról agus ár n-éachtaí go dtí seo maidir le tacú leis an bhfís d’Éirinn Shláintiúil, “Áit ar féidir le gach duine an leas is mó agus is féidir a bhaint as sláinte agus folláine coirp agus mheabhrach agus ina gcuirtear luach ar an bhfolláine agus ina dtacaítear léi ar gach leibhéal sa tsochaí agus ina bhfuil gach duine freagrach.”

Déanfaimid an méid seo a leanas:

1. Sláinte agus folláine ár mac léinn, ár bhfoireann agus an phobail níos leithne a chur chun cinn trí mhisean, straitéis, beartais, pleananna agus cleachtais ár n-institiúide, i gcomhréir le Cairt Idirnáisiúnta Okanagan³.
2. Gníomhú chun pobail campais chumhachtaithe, rathúla, nasctha a chruthú a chothaíonn eitic cúraim, comhbhá, comhionannais agus cuimsitheachta.
3. Deiseanna a shainaithe agus gníomhú ina leith chun tacú le sláinte agus folláine na mac léinn, na foirne agus an phobail i gcoitinne trí na timpeallachtaí tógtha, nádúrtha, sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha, acadúla, eagraíochtúla agus foghlama ar bhealach inbhuanaithe.
4. Deiseanna chun sláinte agus folláine a chomhtháthú i dteagasc agus i bhfoghlaim, i dtaighde agus i seirbhísí na Roinne go léir a aithint agus gníomhú ar na deiseanna sin, ag cinntiú dá réir sin go bhforbrófar saoránaigh a bhfuil an cumas acu sláinte agus folláine an phobail i gcoitinne a fheabhsú ina saol agus ina gcuid oibre amach anseo.
5. Machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag ár bpleanáil agus ár gcinnteoireacht don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú, don taighde agus don mhalartú eolais ar shláinte agus folláine.
6. Cur chuige straitéiseach a ghlacadh chun sláinte agus folláine a chur chun cinn ar an gcampas, a léiríonn riachtanais a aithníodh go háitiúil agus tosaíochtaí náisiúnta sláinte, atá faoi threoir Chreat an Champais Shláintiúil.
7. Páirt a ghlacadh sa Líonra Campais Shláintiúil Náisiúnta chun ár gcuid foghlama a roinnt agus oibriú i gcomhpháirtíocht, de réir mar is cuí, chun fianaise a thógáil ar chur chuige éifeachtach chun campas sláintiúil a fhorbairt.
8. Cur le taighde agus le comhoibrithe chun sláinte agus folláine a chur chun cinn go háitiúil agus go domhanda i gcomhréir le Cairt Okanagan.

Sainmhíthe

Ar aon dul leis an EDS, glacann Éire Shláintiúil – Creat um Shláinte agus Folláine Feabhsaithe 2013–2025 dearcadh iomlánaíoch ar shláinte agus ar fholláine.¹

Sláinte

Is éard atá i gceist le sláinte ná gach duine a c(h)umas a bhaint amach chun leas iomlán a bhaint as folláine fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta.

Cuireann daoine sláintiúla le sláinte agus le cáilíocht na sochaí ina gcónaíonn siad, ina n-oibríonn siad agus ina n-imríonn siad. Tá i bhfad níos mó i gceist le sláinte ná easpa galair nó míchumais, agus bíonn tionchar ag sláinte an duine aonair, agus ag sláinte na tíre, ar chaighdeán eispéiris mhaireachtála gach duine. Is acmhainn riachtanach í an tsláinte don ghnáthshaol, do leas an phobail, agus is sócmhainn í d'fhorbairt sláinte agus don fhorbairt dhaonna.^{5,6}

Folláine

Is cuid lárnach í an fholláine don shainmhíniú seo ar shláinte. Léiríonn sé cáilíocht na beatha agus na fachtóirí éagsúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu uirthi le linn shaolré duine.⁷

Léiríonn folláine freisin coincheap na meabhairshláinte dearfaí, inar féidir le duine ac(h)umas féin a bhaint amach, dul i ngleic le gnáthstrusanna an tsaoil, oibriú go táirgiúil agus go torthúil, agus a bheith in ann rannchuidiú lena p(h)obal.⁸ Maidir le breithniú ar shláinte agus folláine tá gá leis an mbéim a athrú ón rud a d'fhéadfadh dul amú i saol daoine, go dtí díriú ar cad a chuireann le rath duine ina saol.⁹

Tagairtí

¹ An Roinn Sláinte. Éire Shláintiúil: Creat um Shláinte agus Folláine Feabhsaithe. 2013-2025.

² An Roinn Sláinte. Plean Gníomhaíochta Straitéisigh Éire Shláintiúil 2021 - 2022.

³ Cairt Okanagan: Cairt Idirnáisiúnta d'Ollscoileanna agus Coláistí ina gCuirtear Sláinte chun cinn. 2015.

⁴ Arna chur in oiriúint ó UK Healthy Universities www.healthyuniversities.ac.uk

⁵ EDS. Cairt Ottawa um Chur chun Cinn Sláinte An Chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta um Chur chun Cinn Sláinte Ottawa. 1986.

⁶ EDS. Brollach a ghabhann le Bunrecht na hEagraíochta Domhanda Sláinte arna ghlacadh ag an

⁹ Comhdháil Idirnáisiúnta Sláinte, Nua Eabhrac. 1946.

⁷ EDS. Sláinte, 2020. Creat Beartais agus Straitéis. 2012.

⁸ EDS. Cur chun Cinn na Meabhairshláinte a Neartú. Mental health is not just about the absence of mental disorder. An Ghinéiv. 2001.

⁹ Aked J, Michaelson J, Steuer N. The role of local Government in promoting wellbeing. Healthy Communities Programme. 2010.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland